

## 11 ACHOIMRE AR BHEARTA MAOLAITHE

- 1 Tá moltaí maidir le bearta sonracha (i.e. bearta maolaithe) chun an drochthionchar mór a sheachaint, a laghdú agus, más féidir, a chúiteamh, san áireamh sa mheasúnú ar thionchar suntasach dóchúil na forbartha a bheartaítear a ndéantar cur síos uirthi sa Ráiteas Tionchar Timpeallachta (EIS) seo tríd síos. Meastar go bhfuil gá leis na bearta seo chun an tionchar comhshaoil a bhaineann le céim thógála agus céim oibríoch na forbartha a bheartaítear a laghdú a mhéid agus is féidir. Tagraítear dóibh freisin san EIS seo mar Sceideal de Bhearta Maolaithe nó mar Sceideal de Ghealltanais Chomhshaoil.
- 2 Tugtar achoimre thiomsaitheach ar na bearta maolaithe a bheartaítear le haghaidh chéim thógála agus chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear i d**Tábla 11.1**. Faightear an méid seo a leanas sa tábla sin:
  - Míruimhir an bhirt maolaithe;
  - Láthair gharbh an bhirt maolaithe;
  - Cuspóir agus gealltanais an mhaolaithe;
  - Breac-chuntas ar an mbeart maolaithe;
  - Tráth an bhirt maolaithe; agus
  - Riachtanais monatóireachta.
- 3 Faoi mar a leagtar amach i d**Tábla 11.1**, d'fhéadfadh go mbeadh gá le comhairliúchán breise a dhéanamh le linn na tréimhse tógála le húinéirí talún agus le húdaráis fhorordaithe, go háirithe go gcinnteofar (i) éifeachtacht na mbeart maolaithe i dtaca leis an tionchar ar an gcomhshaoil agus (ii) go bhfuil úinéirí talún ar an eolas faoi na hoibreacha sonracha a dhéanfar de bhun na forbartha a bheartaítear.
- 4 Tugtar achoimre ghearr ar na bearta maolaithe a mholtar i d**Tábla 11.1**. Ba cheart an tábla seo a léamh i gcomhar le caibidlí aonair san EIS i gcomhair tuilleadh sonraí nó míniú breise.
- 5 Ba cheart a mheabhrú freisin go gcuirfeadh gach coinníoll a bheidh in éineacht le haon cheadú a d'fhéadfadh an Bord Pleanála (an Bord) a dheonú san áireamh ina n-iomláine i raon oibre na gconraitheoirí a cheapfar. Chuige seo, tugtar imlíne den *Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála* (CEMP) in **Aguisín 7.1**, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

Tábla 11.1: Sceideal de Ghealltanais (Achoimre ar Bhearta Maolaithe as Caibidíl an EIS)

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
<b>TÓGÁIL (CAIBIDIL 7, IMLEABHAR 3B) – TABHAIR FAOI DEARA GO BHFUIL GACH BEART MAOLAITHE EILE ÁBHARTHA DO MHAOLÚ TÓGÁLA FREISIN</b>					
1.1	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta	<p>Sa chás go ndéanfaítear faomhadh don fhorbairt a bheartaítear agus sula dtosófar ar na hoibreacha, ullmhóidh an conraitheoir/na conraitheoirí a cheapfaidh an Bord Soláthar Leictreachais (BSL) <i>Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála</i> (CEMP) mionsonraithe. Tá CEMP imlíneach san áireamh mar <b>Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3B</b> san EIS.</p> <p>Sa Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil deiridh, pléifear, i measc nithe eile, leis na rialuithe cur i bhfeidhm agus bainistíochta comhshaoil agus le bearta maolaithe (a mhionsonraítear sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus a bhfuil achoimre orthu thíos). Déanfaidh Oifigeach Comhshaoil, i gcomhar le héiceolaí (Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha [ECoW]) agus le seandálaí, monatóireacht ar chéim na tógála ar mhaithe lena chinntiú go gcuirfeadh gach ceann de na bearta maolaithe sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus sa Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil i bhfeidhm.</p>	Céim réamhthógála	Is ea. CEMP mionsonraithe curtha i dtoll a chéile ag conraitheoir agus comhaontaithe ag BSL agus le húdarais fhorordaithe chuí agus áitiúla ina dhiaidh sin.
1.2	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta – Innealtóir Cliant	Ceapfar Innealtóir Cliant a dhéanfaidh monatóireacht agus cigireacht ar na dearáí mionsonraithe, an gléasra, na hábhair agus na hoibreacha, lena n-áirítear an sceidealú, lena chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais a bhaineann le sonraíocht feidhme, dearáí agus caighdeáin tarchuir.	Céim réamhthógála	Is ea
1.3	Tógáil	Bainistíocht	Sula gcuirfeadh tús leis an tógáil, eiseofar Fógraí agus Sceidil, chomh maith le léarscáileanna ina dtaispeántar suíomh na dtúr arna fhaomhadh ag an mBord, chuig na húnéirí talún.	Céim	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
	ghinearálta	Foirgníochta	Buailfidh ionadaithe EirGrid le húinéirí talún chun dul i ngleic le haon cheist a bheidh ag úinéirí talún tar éis dóibh an Fógra a fháil.	réamhthógála	
1.4	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta – uaireanta oibre	Gheofar rochtain ar an suíomh le linn uaireanta sholas an lae i ngach céim den tógáil. Níl coinne le bheith i mbun tógála ar an Domhnach, istoíche ná ar laethanta saoire bainc.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
1.5	Tógáil ghinearálta	Idirchaidreamh le hÚinéirí Talún	Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha, beidh plé idir na húinéirí talún agus na gníomhairí ceaptha d'fhonn a chinntiú go dtuigeann siad céard iad na hoibreacha sonracha a dhéanfar de bhun na forbartha a bheartaítear. Déanfar teagmháil le gach úinéir talún sula mbeidh gá le bealach isteach a fháil ar a gcuid talún agus tabharfar dáta don úinéir talún maidir le tosach na n-oibreacha sula dtosófar ar aon obair. Beidh dearadh mionsonraithe na mbealaí rochtana agus an mhodha tógála a ghlacfar, arna roghnú ó na modheolaíochtaí a aithnítear sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, bunaithe ar staid na talún ag am na tógála agus pléifear é leis an úinéir talún sula gcuirfear tús le hoibreacha.	Céim réamhthógála	Ceann ar bith
1.6	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Sula gcuirfear tús leis an tógáil, cuirfear plean iomlán bainistíochta tráchta i dtoll a chéile agus i bhfeidhm.	Céim réamhthógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
1.7	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Cuirfear Plean Bainistíochta ar Dhramháil Tógála (atá ina chuid den CEMP) i bhfeidhm chun an dramháil a bheidh ann a laghdú an oiread agus is féidir agus chun a chinntiú go láimhseálfar agus go ndiúscrófar sruthanna dramhaíola tógála i gceart.	Céim réamhthógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
1.8	Tógáil ghinearálta	Athchóiriú	Nuair a bheidh na hoibreacha ar fad críochnaithe, cuirfear an talamh a úsáideadh do na bealaí rochtana sealadacha agus do na limistéir tógála mórtimpeall ar na struchtúir lasnairde ar ais mar a bhí siad roimh an tógáil, a mhéid agus is féidir.	Tar éis chéim na tógála	Ceann ar bith
<b>DAOINE – DAONRA AGUS EACNAMAÍOCH (CAIBIDIL 2, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D) – Gan aon sainbhearta maolaithe ar bith. Feic ar ábhair eile.</b>					
<b>DAOINE – ÚSÁID TALÚN (CAIBIDIL 3, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D)</b>					
2.1	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Ullmhófar ráiteas modha agus clár oibre ina dtaispeánfar céimniú mionsonraithe na hoibre sula gcuirfear tús leis an obair.	Céim réamhthógála	Ceann ar bith
2.2	Oibreacha tógála ginearálta agus cothabhála oibriúcháin	Idirchaidreamh le hÚinéirí Talún	Ceapfaidh an conraitheoir oifigeach cead slí chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na húinéirí talún feadh an línebhealaigh agus chun a chinntiú go gcomhlíonfar a gcuid ceanglas maidir le rochtain a mhéid agus is féidir.  Cuirfear úinéirí talún ar an eolas sula gcuirfear tús le haon oibreacha tógála nó cothabhála.	Céim na tógála agus an chéim oibríoch	Ceann ar bith
2.3	Tógáil ghinearálta	Comhaontú BSL/IFA a chomhlíonadh	Cuirfear oiliúint chuí ar gach fostaí agus conraitheoir a mbeidh baint acu le céim na tógála, go háirithe i dtaca le saincheistanna a bhaineann le sábháilteacht an bheostoic agus le bithshlándáil ar fheirmeacha.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
2.4	Tógáil ghinearálta	Rochtain ar thalamh	Cinnteoigh an conraitheoir go mbeidh rochtain réasúnta ag úinéirí talún ar gach cuid dá bhfeirm le linn chéim na tógála.	Céim na Tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		talmhaíochta a choinneáil			
2.5	Tógáil ghinearálta	An baol go leathnófaí galair ainmhí nó galair bhairr a laghdú an oiread agus is féidir	Cloífead le prótacail i leith galar. Cloífidh an conraitheoir le rialachán ar bith de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a bhaineann le galair bharr agus bheostoic.	Céim na Tógála	Is ea
2.6	Neamhbhainteach – tógáil ghinearálta	Limistéir tógála a fhálú ionas nach gcuirfead isteach ar an obair	Cuirfead fálú cuí in airde más gá chun beostoc a choinneáil amach as suíomhanna tógála.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
2.7	Tógáil ghinearálta	An tionchar i dtaobh briseadh nó carnadh carraige a laghdú an oiread agus is féidir, más gá	Más gá carraigeacha a bhriseadh nó a charnadh, agus ní móide go mbeidh gá leis, cuirfead é sin in iúl d'úinéirí beostoic i bpáirceanna cóngaracha roimh ré.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
2.8	Tógáil	Tionchar ar ithir a laghdú an	Sa chás go bhfuil barrithir lomtha cuirfead ar ais é. Déanfar gach dromchla páirce a gcuirtear	Céim na Tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
	ghinearálta	oiread agus is féidir	<p>isteach air a athchóiriú.</p> <p>Beidh sé ina bheartas tógála rochtain feithiclí nach bhfuil crios boinn fúthu ar shuíomhanna a laghdú an oiread agus is féidir le linn aimsir fhiuch. Leagfar rianta rochtana sealadacha (rianta alúmanaim nó painéil) i suíomhanna áirithe chun damáiste d'ithir a sheachaint.</p> <p>Ní bheidh cead feithiclí as a ndoirtar ola nó breosla a thabhairt isteach ar shuíomhanna tógála nó rochtana. Tógfar ithir ar bith a bheidh éillithe le breosla nó doirteadh coincreíte as an suíomh. Déileálfar leis seo go cuí de réir ceanglais reachtaíochta.</p>		
2.9	Tógáil ghinearálta	Tionchar ar dhraenacha talún a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar na draenacha talún a bhuailfear a atreorú ar dhóigh ina gcoinneofar an draenáil talún atá ann cheana.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
2.10	Tógáil ghinearálta agus an chéim oibríoch	Sláinte agus sábháilteacht a chinntiú	<p>Soláthróidh BSL faisnéis um shábháilteacht go díreach do gach úinéir talún lena mbaineann e.g. <i>Guidelines for Safe Working Near Overhead Electricity Lines in Agriculture (Treoirlínte maidir le hOibriú go Sábháilte gar do Líne Leictreachais Lasnairde sa Talmhaíocht)</i> agus <i>Code of Practice for Avoiding Danger from Overhead Electricity Lines (Cód Cleachtais maidir le Baol ó Línte Leictreachais Lasnairde a Sheachaint)</i>.</p> <p>Cuirfidh na foilseacháin sin ar chumas feirmeoirí a gceanglais reachtúla faoi na Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh.</p>	Céim na tógála agus an chéim oibríoch	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
2.11	Tógáil ghinearálta agus an chéim oibríoch	Tionchar ar bheostoc a laghdú an oiread agus is féidir	Fógrófar iniúchtaí héileacaptair sna nuachtáin áitiúla agus sa nuachtán <i>Irish Farmers Journal</i> .	An chéim oibríoch	Ceann ar bith
<b>DAOINE – TURASÓIREACHT (CAIBIDIL 4, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D) – Gan aon sainhearta maolaithe ar bith. Feic ar ábhair eile.</b>					
<b>DAOINE – EMF (CAIBIDIL 5, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D)</b>					
3.1	MSA	Leibhéil EMF a íoslaghdú	Barrfheabhsófar cumraíocht na gcéimeanna (is é sin leagan amach spásúil an dá thacar ina bhfuil trí shreang leictreachais atá ailínithe go hingearach) ar na túir chiorcaid dhúbailte atá ann cheana chun a chinntiú go n-íoslaghdófar leibhéil EMF.	Roimh an tógáil	Ceann ar bith
<b>FLÓRA AGUS FÁNA (CAIBIDIL 6, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D)</b>					
4.1	Ginearálta	Rioscaí ar nós cur isteach ar fhiadhúlra a laghdú an oiread agus is féidir agus cáilíocht an uisce a chosaint	Is é an bealach is fearr chun rioscaí ar nós cur isteach ar fhiadhúlra agus chosaint cáilíocht an uisce a laghdú an oiread agus is féidir ná Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha (ECoW) ag a bhfuil an taithí chuí a cheapadh ar an suíomh le linn na tógála, duine a dhéanfaidh monatóireacht ar a éifeachtaí atá na bearta maolaithe a bheartaítear maidir le tionchar comhshaoil ar an eolas agus bearta maolaithe a bheartaítear sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta:  Áirítear leis an ról a bheidh ag an gCléireach Éiceolaíoch Oibreacha:	Céim na tógála agus tús na céime oibríche (níos mó ná cúig bliana)	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			<ul style="list-style-type: none"> <li>• Maoirseacht ar oibreacha tógála agus comhlíonadh reachtaíochta a chinntiú;</li> <li>• Monatóireacht ar ghnáthóga agus ar speicis le linn na tógála agus ar éifeachtacht an mhaolaithe;</li> <li>• Comhairle a thabhairt maidir le cur isteach féideartha ar fhiadhúlra a sheachaint agus a laghdú an oiread agus is féidir;</li> <li>• Moltaí a thabhairt maidir le freagairtí / gníomhartha iomchuí ar shaincheistanna a bhaineann le suíomhanna ar leith (e.g. a bheith in ann suíomh pórúcháin do speicis faoi chosaint nár taifeadadh roimhe a aithint le linn oibreacha tógála); agus</li> <li>• Idirchaidreamh a dhéanamh leis an NPWS, le IFI agus le húdaráis fhorordaithe eile nuair is gá.</li> </ul> <p>I dteannta chéim na tógála, moltar go gceapfaí éiceolaí suímh (ECoW) freisin roimh an tógáil (céim an idirchaidrimh le húinéirí talún) agus tar éis na tógála (suas le cúig bliana), go háirithe chun monatóireacht a dhéanamh ar na bearta maolaithe maidir le héin gheimhrithe.</p>		
4.2	Ginearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Cuirfear CEMP i bhfeidhm le haghaidh chéim thógála an tionscadail maidir leis an maolú go léir.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil



Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
4.3	Ginearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Déanfaidh na conraitheoirí tógála agus suímh ráitis modheolaíochta oibre a ullmhú, nithe ina gcuirfeadh san áireamh gach ceann de na bearta maolaithe a sainithníodh san EIS, a chomhaontófar le húdaráis reachtúla agus le ECoW (nuair is iomchuí), agus a chuirfidh foirne tógála i bhfeidhm le haghaidh gach gníomhaíochta tógála.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.4	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	De réir mar is gá, cuirfeadh criathair shiolta shealadacha i ndraenacha / sruthanna beaga a mheasfar go bhféadfaidís a bheith i mbaol ag sceitheadh ó thruailleán uisce. Más féidir, suíodh túir (bealaí rochtana, limistéir sreangaithe agus limistéir tháscacha oibreacha) ar shiúl ó shuíomhanna lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta. Lena chois sin, más féidir, beidh rochtain ar láithreacha túir trí rianta atá ann cheana féin a mbíonn innealra feirme orthu go rialta. Bainfeadh úsáid as pointí rochtana páirce atá ann cheana féin (e.g. bearnaí / geataí feirme) chuig bóithre áitiúla ionas nach gcruthófar bearnaí breise i bhfálta sceach.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.5	Ginearálta	Tionchar ar ghnáthóga a laghdú an oiread agus is féidir	Seachnófar gnáthóga leathnádúrtha ar nós bogach agus fálta sceach.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.6	Ginearálta	Scaipeadh agus tabhairt isteach speiceas ionrach agus fiailí	Déanfar aon ábhar plandaí ionracha a thabharfar faoi deara ar shuíomh a bhaint den suíomh agus déanfar é a dhiúscairt ag saoráid chúil cheadúnaithe um dhiúscairt dramhaíola. Aon speiceas ionrach a aimseofar i bhfoisceacht 15 m de limistéir oibre, beidh gá lena dhíothú ionas nach scaipfeadh speicis ionracha, d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar <i>Rialacháin na</i>	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		díobhálacha a sheachaint	<i>gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011).</i>		
4.7	Ginearálta	Nascacht gnáthóg a choinneáil	Ní mór a chinntiú le gach obair tírdhreachta / athnasctha a dhéanfar nach n-úsáidfeadh ach speicis dhúchasacha amháin. Seachnófar speicis neamhdhúchasacha.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW
4.8	Ginearálta	Tionchar ar ghnáthóga a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar fáлта sceach, crainn agus scrobarnach atá le coinneáil agus atá lonnaithe gar do limistéir oibre a mharcáil agus a fhálú go soiléir ionas nach mbeifear in ann damáiste de thaisme a dhéanamh le linn tochairtí agus ullmhú suímh. Ní stórálfar aon ábhar i bhfoisceacht 5 mhéadar d'fhálta sceach / crainn / scrobarnach.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.9	Túir atá suite ag teorainneacha páirce	Tionchar ar ghnáthóga a laghdú an oiread agus is féidir, i.e. fáлта sceach atá ina dteorainneacha páirce	Bainfeadh an fásra go dtí leibhéal na talún. Déanfar na hoibreacha i mbealach nach gcuirfidh isteach ach go fíorbheag ar an ithir agus nach gcruthóidh aon bhalcadh lasmuigh de bhunsraitheanna na dtúr. Cuirfeadh fál adhmaid timpeall ar bhun an túir tar éis na tógála ionas nach mbeidh beostoc in ann dul isteach ann agus déanfar speicis adhmaid a fhásann go híseal san áit lena n-áirítear an draighean, an sceach gheal agus an coll, a athchur. Leis sin beifear in ann an fál sceach a chur ag fás arís sa bhearna ina bhfuil an túr suite. Meastar go mbeadh na fáлта sceach sách láidir laistigh de chúig bliana tar éis na tógála go bhféadfaí an fálú a bhaint. Nuair is gá, ullmhófar go cúí talamh féir a ndearnadh suaitheadh air agus cuirfeadh síolta air arís le meascán féir as an gceantar, cosúil leis sin atá ag fás cheana féin sna páirceanna timpeall na háite. Cuirfeadh na síolta arís laistigh de 3 sheachtaine ó na hoibreacha	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			tógála ionas nach ligfear ithir nach bhfuil cumhdaithe le sruth.		
4.10	Ginearálta	Tionchar ar ghnáthóga, i.e. crainn, a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar bearradh agus teascadh crann gar do sheoltóirí ar bhealach a laghdóidh an gá a bheidh le teascadh forleathan crann an oiread agus is féidir. Déanfaidh foraoiseoirí / máinlianna crann cáilithe crainn mhóra fhásta a bharrscoitheadh ionas go gcoinneofar an oiread de struchtúr na crannteorann / gnáthóige líní agus is féidir agus ar bhealach a chothóidh speicis flóra na talún agus nach maróidh an crann. Beidh cuma scolbáilte nó phróifílithe ar an bhfásra de bharr a bhearrtha, rud a imreoidh an drochthionchar is lú is féidir air. Ar an iomlán, ní athrófar struchtúr ná feidhm éiceolaíoch ghnéithe na gcoillearnach líneach seo leis, agus ní dhéanfaidh sé aon difear intomhaiste don fhána a bheidh istigh ann i ndiaidh na tógála.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW/Oifigeach Comhshaoil
4.11	Ginearálta	Tionchar ar ghnáthóga, i.e. crainn, a laghdú an oiread agus is féidir	I gcás ina mbeidh gá le hobair thógála gar do chrainn fhásta, leanfar <i>Guidelines for the Planning, Installation and Maintenance of Utility Services in Proximity to Trees (Treoirlínte maidir le Pleanáil, Suiteáil agus Cothabháil Seirbhísí Fónais gar do Chrainn)</i> (NJUG 10) de chuid an National Joint Utilities Group ( <i>an Comhghrúpa Náisiúnta Fóntas</i> ) d'fhonn díobháil a laghdú an oiread agus is féidir.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW/Oifigeach Comhshaoil
4.12	Ginearálta	Tionchar ar éin ghoir a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar aon bhaint / bhearradh scrobarnaí, fála sceaigh nó crann taobh amuigh den tréimhse neadaithe éan, a thosaíonn an 1 Márta agus a leanann ar aghaidh go dtí an 31 Lúnasa, chun éin neadaithe a chosaint. Tá gach éan agus a n-áiteanna neadaithe faoi chosaint in Éirinn ag an <i>Acht um Fhiadhúlra, 1976</i> (arna leasú in 2000).	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW/Oifigeach

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
					Comhshaoil
4.13	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Cuirfidh conraitheoirí plean rialaithe draenála agus dríodair i bhfeidhm le linn oibreacha suímh. Mionsonrófar sa phlean sainbhearta maolaithe (tógtha ó bhearta maolaithe a leagtar amach i gCaibidil 6 agus i gCaibidil 8 den Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo) chun dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le suíomhanna ar leith.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.14	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Laghdófar tionchar féideartha a tharlaíonn de bharr doirteadh, sileadh nó sceitheadh le linn na céime tógála trí sholáthar dóthanach de phacaí doirte agus de phacaí asúiteacha hidreacarbóin a choinneáil ag stáisiúin lipéadaithe ag gach limistéar oibre, agus pacáí doirte i ngach feithicil ar an suíomh. Cuirfear an pearsanra go léir faoi oiliúint maidir le húsáid an trealaimh. Déanfar aon phacaí doirte a úsáidfeadh a dhiúscairt go hiomchuí lasmuigh den suíomh.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.15	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Dréachtófar prótacal le haghaidh Phráinnfhreagairt 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain maidir le sceitheadh / doirteadh hidreacarbón agus / nó ceimiceán agus cuirfear an prótacal sin i bhfeidhm. Ní mór é sin a chur i bhfeidhm i gcás go dtarlódh sé, cé nach móide go dtarlódh, go ndoirtfí ceimiceáin nó hidreacarbóin de thaisme nó go scaoilfí dríodar éiceolaíochta uiscí cosanta chuig an gcóras screamhuisce nó uisce dromchla.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.16	Ginearálta	Éiceolaíocht	Déanfar ábhar tochair ó oibreacha tógála a dhiúscairt sa limistéar oibreacha atá saor ó bhaol	Céim na Tógála	Is ea.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		uisceach agus gnáthóga íogaire a chosaint	suntasach go rachaidh sé isteach i sruthchúrsaí áitiúla.		Monatóireacht arna déanamh ag ECoW/Oifigeach Comhshaoil
4.17	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint, uisce	Mar chuid dá gceanglais comhshaoil agus oibre, leagfaidh an conraitheoir sceideal cothabhála amach agus ráiteas nós imeachta / modh oibríochta maidir le bearta um rialú siolta agus truaillithe le linn chéim na tógála. Déanfaidh an conraitheoir agus an ECoW monatóireacht air sin i gcomhair éifeachtachta.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.18	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint, comhlíonadh dea-chleachtais	Beidh cumhdach dúbailte ar choimeádáin ola, peitрил agus breosla eile agus iad bundaithe ionas go mbeidh siad in ann toirt 110% a thógáil. Cloífidh sonraíocht bunda leis an dea-chleachtas reatha maidir le stóráil ola cosúil le Treoir Dea-Chleachtais Fhiontraíocht Éireann <i>BPGCS005 Oil Storage Guidelines (Treoirlínte um Stóráil Ola)</i> .	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.19	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint, comhlíonadh	Ní dhóirtfear coincreít ach amháin i láithreacha sainithe agus déanfar cóireáil ar leacht nite coincreíte lasmuigh den suíomh, agus na treoirlínte reatha dea-chleachtais á leanúint, lena n-áirítear <i>Pollution Prevention Guidelines for Northern Ireland and Scotland (Treoirlínte um Thruailliú a Chosc le haghaidh Thuaisceart Éireann agus na hAlban)</i> . Ní scaoilfear leacht nite	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		dea-chleachtas	coincréite amach in uisce dromchla agus fágfar coincréit atá curtha amach ag cruachan sa triomach ar feadh 48 uair an chloig ar a laghad.		Comhshaoil
4.20	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Déanfar diúscairt ar dhramh-choincréit amh nó nach bhfuil cruaité trína chur chuig láithreán diúscairt ceadaithe / ceadúnaithe. Tugtar ar aird go mbeidh sruthlú á dhéanamh ar an trucail coincréite ag ionad baisceála an ghléasra. Díreofar an sruthlú sin ar an athchúrsálaí uisce trí-bhá atá curtha ar fáil ag an láthair sin.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.21	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Sruthchúrsaí a aithníodh mar chinn a d'fhéadfadh a bheith i mbaol truailithe ó ghníomhaíochtaí tógála (e.g., draenacha agus sruthanna beaga atá nasctha leis an mBóinn agus leis an Abhainn Dubh), beidh baic shiolta a bheith deartha go cuí ag gabháil leo (bunaithe ar shaintréithe draenála agus rith chun srutha a aithníodh mar chinn a d'fhéadfadh tarlú) agus iad suiteáilte i gcomhairle le hlascach Intíre Éireann (nuair is gá). Feic <b>Caibidil 8</b> in Imleabhar 3C agus in Imleabhar 3D le haghaidh sonraí.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.22	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Déanfar athbhreoslú innealra, a dhéanfar ar limistéir shainithe chothroma a bhfuil dromchla cruá fúthu nuair is féidir, 20 m ar a laghad ó shruthchúrsaí agus díoga draenála. I gcás ina mbíonn gá le hathbhreoslú lasmuigh den limistéar sin, iomprófar breosla in umar soghluaiste faoi chumhdach dúbailte agus beidh tráidire doirte in úsáid le linn oibríochtaí athbhreoslaithe.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.23	Ginearálta	Gnáthóga agus éiceolaíocht	Déanfar cothabháil rialta ar an innealra ar fad agus seiceálfar i gcomhair sceití. Ní thabharfar faoi sheirbhísiú i bhfoisceacht 50 m de ghnéithe uisceacha, lena n-áirítear díoga draenála	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		uisceach a chosaint	tirime. Ní mór seirbhísiú a dhéanamh ar limistéir shainithe chothroma a bhfuil dromchla crua fúthu nuair is féidir.		arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.24	Tógáil ginearálta –	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Stórálfar ábhair thógála cosúil le hidreacarbón, stroighin agus leachtmhoirtéal in áiteanna bundaithe nó i sadhlanna agus déanfaidh an bainisteoir láithreáin imscrúdú rialta orthu.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.25	Tógáil ginearálta –	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Cuirfear staid na haimsire san áireamh nuair a bheidh gníomhaíochtaí tógála á bpleanáil chun an baol a bhaineann le mór-rith chun srutha ó limistéir oibreacha a laghdú an oiread agus is féidir.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Oifigeach Comhshaoil
4.26	Tógáil ginearálta –	Tionchar ar ialtóga a laghdú an oiread agus is féidir	Mar gheall ar an tréimhse ama is dócha a bheidh idir cinneadh chun faomhadh pleanála a thabhairt agus tús a chur le glanadh suímh agus tógáil iarbhír (seans go mbeidh níos mó ná 2 bhliain i gceist), tabharfaidh saineolaí ialtóg faoi shuirbhéanna deimhniúcháin ialtóg/faoi mhonatóireacht ar chrainn fhásta faoi leith a aithníodh i gcomhair leagáin sula leagfar na crainn. D'fhonn leanúint le leagan na gcrann a d'fhéadfaí a aithint mar fharáí ialtóg, beidh gá ceadúnas maolaithe a fháil ón NPWS. Leanfar an treoir ón NRA, (2006) maidir le leagan crann agus baint fála sceaich i rith chéim ghlanadh suímh na forbartha a bheartaítear.	Céim réamhthógála agus céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
4.27	Tógáil ginearálta –	Tionchar ar mhadráí uisce a laghdú an oiread agus is féidir	<p>Tabharfar faoi shuirbhéanna réamhthógála ag sruthchúrsaí agus ag gnáthóga cóngaracha a bhíonn gar do láithreacha túir agus do limistéir ina leagfar crainn d'fhonn a dheimhniú cibé an bhfuil suíomhanna pórúcháin madraí uisce ann nó nach bhfuil i dtaca leis na dálaí a ndearnadh measúnú orthu san EIS seo.</p> <p>Tabharfar sonraí maidir leis an modheolaíocht don fhíorú / mhonatóireacht roimh an tógáil agus den chur chuige a ghlacfar sa CEMP a dhréachtófar le haghaidh chéim thógála na forbartha agus beidh tagairt ann do threoircháipéisí ábhartha. Níltear ag súil go dtiocfaidh aon tionchar díreach chun cinn toisc go mbeidh ráiteas modheolaíochta comhaontaithe ag gabháil leis na hoibreacha agus go ndéanfaidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha monatóireacht orthu.</p>	Céim réamhthógála agus céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.28	Tógáil ginearálta –	Tionchar ar chruidíní a laghdú an oiread agus is féidir	Mar gheall ar an tréimhse ama is dócha a bheith ann idir cinneadh chun faomhadh pleanála a thabhairt agus tús a chur le glanadh suímh agus tógáil iarbhir, agus ar mhaithe lena dheimhniú cad iad na tosca a ndearnadh measúnú orthu, déanfar suirbhéanna réamhthógála ag sruthchúrsaí agus ag gnáthóga cóngaracha (atá ceangailte leis an mBóinn agus leis an Abhainn Dubh) a bhíonn gar do láithreacha túir agus do limistéir ina leagtar crainn d'fhonn a dheimhniú cibé an bhfuil suíomhanna pórúcháin cruidíní ann nó nach bhfuil.	Céim réamhthógála agus céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.29	Tógáil ginearálta –	Tionchar ar bhroic a laghdú an oiread agus is	Déanfar suirbhéanna maidir le brocacha broic ag fásra adhmaid a theastóidh le leagan. Tá na suirbhéanna sin ag teastáil chun a dheimhniú go mbeidh na gníomhaíochtaí glanta suímh ar aon dul leis an timpeallacht ghlactha a bhreithnítear sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo.	Céim réamhthógála agus céim na	Is ea. Monatóireacht arna déanamh



Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		féidir	Cruthófar crios maolánach timpeall ar aon bhrocach broic atá ar eolas trí chuailí sealadacha a thógáil agus sreanga ar a mbeidh comhartha “cosc ar iontráil” crochta. Beidh ceadúnas ón NPWS ag teastáil le haghaidh aon oibreacha laistigh de 50 m ó bhrocach. Níltear ag súil go dtiocfaidh aon tionchar díreach chun cinn toisc go mbeidh ráiteas modheolaíochta comhaontaithe ag gabháil leis na hoibreacha agus go ndéanfaidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha monatóireacht orthu.	tógála	ag ECoW.
4.30	Ginearálta – an chéim oibríoch	Tionchar ar ealaí glóracha a laghdú an oiread agus is féidir	Is iad rioscaí féideartha imbhuailte d’ealaí glóracha an príomhthionchar oibríochta a aithnítear. Cuireadh maolú trí sheachaint suíomhanna beathaithe agus fara i bhfeidhm an oiread agus is féidir i roghnú bhealach an ailínithe. Beartaítear Claontaí Eitilte (marcóirí le haghaidh Claonadh Eitilte Ealaí atá déanta as PVC liath ardtionchair [UV-chobhsaithe]) a fheistiú thart ar 5 m amach óna chéile feadh gach sreinge talmhaithe, ag láithreacha ar leith a shainaithnítear san EIS. Tá an mharcáil líne sin beartaithe don tsreang thalmhaithe ionas go mbeidh an tsreang thalmhaithe níos feiceálaí d’éin ag eitilt.	An chéim oibríoch	Is ea. Gach bliain ar feadh deich mbliana.
4.31	Ginearálta	Athfhás fáлта sceach agus cothabháil fáлта	I gcás ina mbíonn drochfhás faoi fhálta sceach nó i gcás nach mbeidh fás ar bith faoi fhálta sceach, athchuirfear le speicis dhúchasacha fáлта sceach den chineál céanna iad d’fhonn a chinntiú go gcoinnítear/go n-athbhunaítear gnáthóga líneacha. Má theastaíonn fál nua nó cothabháil, comhaontófar agus cuirfear é sin i bhfeidhm in éineacht le húnéir na talún.	Tar éis na tógála	Is ea. Dhá bhliain tar éis na tógála
4.32	Ginearálta		Déanfar monatóireacht chun éifeachtacht mhaolú na gclaontaí eitilte a bheartaítear a dhéanamh amach.	Tar éis na tógála	Is ea. Gach bliain ar feadh deich mbliana.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
4.33	Ginearálta – Le linn oibreacha cothabhála	Le linn oibreacha cothabhála, déanfar machnamh i dtaca lena chinntiú go ndéantar cosaint leanúnach ar cháilíocht an uisce.	Ag brath ar chineál na n-oibreacha cothabhála a bheartaítear, d'fhéadfadh go mbeadh gá le measúnuithe riosca den tionchar féideartha ar uisce dromchla agus cuirfear maolú iomchuí i bhfeidhm i gcás ina n-aithnítear riosca.	Tar éis na tógála	Is ea. Leanúnach (ag brath ar riachtanais oibre)
<b>ITHREACHA, GEOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT (CAIBIDIL 7 D'IMLEABHAR 3C AGUS D'IMLEABHAR 3D)</b>					
5.1	CGS na Léime Giorra, CGS Allt Maise, CGS Ghalltroma agus CGS na Bóinne	Tionchar féideartha a mhaolú	Áirítear na nithe seo a leanas leis na bearta maolaithe a comhaontaíodh le GSI le haghaidh iniúchadh na suíomhanna / thógáil na dtúir: <ul style="list-style-type: none"> <li>Leanúint le comhairliúchán le GSI;</li> <li>Tochailt a theorannú trí thochailt a dhéanamh ar an lorg atá riachtanach amháin;</li> <li>Fanacht fad cuí amach ó pNHA na Léime Giorra agus ó Shruthán Allt Maise; agus</li> <li>Cuirfear GSI ar an eolas maidir le haon chuid/ghné nua shuntasach a nochtar laistigh de lorg an túir.</li> </ul>	Céim na tógála	Ceann ar bith
5.2	Ginearálta	Ábhar carta a	Stórálfar ithir agus fo-ithir thochailte cóngarach don limistéar tochailte. Déanfar ábhar tochailte	Céim na Tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		chóireáil go héifeachtach	a athúsáid in situ nuair is féidir. Sa chás nach bhfuil aon ábhar ann atá oiriúnach dá athúsáid ag úinéirí talún nó nár mhaith le húinéirí talún é a athúsáid, déanfar fo-ithir a dhiúscairt de réir gach ceanglais reachtaíochta is infheidhme.		
5.3	Ginearálta	Talamh éillithe nach rabhthas ag súil léi a láimhseáil	Déanfar measúnú amhairc ar gach ábhar a thochlófar le haghaidh truailliú, amhail smálú nó drochbholaíthe. Má dhearbhaítear go bhfuil aon chuid den ithir thochailte éillithe, déileálfar leis sin go cuí de réir gach ceanglais reachtaíochta is infheidhme.	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
5.4	Ginearálta	An tionchar a shonrófaí de bharr doirteadh ábhair a laghdú an oiread agus is féidir	Stórálfar gach ola agus breosla a úsáidtear le linn na tógála ar dhromchla bundaithe sealadach dílsithe (i.e. dromchla plaisteach bundaithe cuimsitheach). Bogfar iad sin go dtí suíomh gach túir de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Beidh athbhreoslú feithiclí tógála agus cur olaí hidrálacha nó bealaí ar fheithiclí ar bun ar shiúl ó chlasáin nó ó dhraenacha uisce dromchla. Ní cheadófar aon athbhreoslú laistigh de 50m de shruth nó d'abhainn. Stórálfar trealamh doirte agus pacáí ionsúiteacha hidreacarbóin sa limistéar agus cuirfear oiliúint ar oibrithe chun an trealamh sin a úsáid i gceart.	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
5.5	Ginearálta	Tionchar ar ithreacha a laghdú an oiread agus is féidir	Má dhéantar cleachtais oibre a smachtú, mar shampla, trí thógáil talún a íoslaghdú, trí athláimhseáil ithreacha a sheachaint, trí ghluaiseachtaí feithiclí easbhóthair a íoslaghdú agus trí mhéid stoc-charn a laghdú, laghdófar balcadh agus creimeadh ábhar. Cuirfear ithreacha ar ais ag na túir agus feadh an bhealaigh rochtana shealadaigh.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
5.6	Láithreacha túir	An tionchar ar thoibreacha agus	Sa chás go bhfuil sé riachtanach dí-uisciú a dhéanamh chun na bunsraitheanna túir a thógáil cóngarach do thoibreacha, déanfar monatóireacht ar thoibreacha atá lonnaithe laistigh de 100	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		ar thollphoill atá ann cheana féin a laghdú an oiread agus is féidir	m de láthair na dtúr.		na tógála
5.7	Tógáil – ginearálta	An tionchar ar thobreacha agus ar thollphoill atá ann cheana féin a laghdú an oiread agus is féidir. Cáilíocht an uiscechórais ghilactha a chosaint.	Is féidir go mbeidh solaid ar fuaidreamh san uisce a phumpáiltear ó na tochairtí. Is féidir go mbeidh síothlú ag teastáil chun laghdú a dhéanamh ar thiúchan na solad ar fuaidreamh ar mhaithe le cáilíocht an chórais uisce ghilactha a chosaint. Déanfar síothlú trí ghnáthchóras scagacháin uisce chun laghdú a dhéanamh ar an méid dríodair atá sa screamhuisce a ritheann chun srutha.  Ní cheadófar scaoileadh díreach chuig sruthanna ná chuig aibhneacha.	Céim na tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
5.8		Mianaigh na Teamhrach	Tabharfar faoi idirchaidreamh le Mianaigh na Teamhrach le linn chéim na tógála / na céime oibríche chun a chinntiú nach dtiocfaidh aon choimhlint aníos.		

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
<b>UISCE (CAIBIDIL 8 D'IMLEABHAR 3C AGUS D'IMLEABHAR 3D)</b>					
6.1	Céim na Tógála Ginearálta	Truailliú uisce a chosc	Déanfar na hoibreacha uile agus aird chuí á tabhairt ar an treoir a leagtar amach i gCáipéis C741 2015 de chuid an CIRIA, <i>Environmental Good Practice on Site (Dea-chleachtas Comhshaoil ar an Suíomh)</i> .	Céim na Tógála	Ceann ar bith
6.2	Cásanna ina bhféadfadh gá a bheith le leagan crann	Truailliú uisce a chosc le linn foraoisí a leagan	<p>Rachfar i gcomhairle le hIascach Intíre Éireann (IFI) agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) sula dtosaíonn an leagan i gceantair lena mbaineann tábhacht iascaigh agus fiadhúlra. Suiteálfar gaistí dríodair roimh an leagan agus déanfar iad a chothabháil gach lá i rith na n-oibríochtaí leagain. Leagfar crainn ar shiúl ón gcrios uisceach. Ní bhainfear le meaisíní sa chrios bruachánach.</p> <p>I suíomhanna ina bhfuil baol mór creimthe (fánaí géara agus/nó in aice le haibhneacha), úsáidfear mataí caschoille chun damáiste ithreach, creimeadh agus dríodrú a sheachaint. Athrófar na mataí caschoille nuair a éireoidh siad síleáilte caite. Déanfar foráil do mhataí caschoille feadh gach bealaigh easbhóthair ionas nach mbeadh balcadh ná sclagadh ithreach le sonrú. Ní leagfar crainn nuair atá báisteach throm ann chun rith chun srutha a chosc. Ní chuirfear breosla in innealra ná ní dhéanfar cothabháil ar innealra laistigh de 50 méadar de chrios uisceach. Stórálfar adhmaid i limistéir thirime ar shiúl ó na criosanna bruachánacha. Tionchar gearrthéarmach a bheidh i gceist le tionchar leagain foraoisí na líne tharchuir lasnaide le linn chéim na tógála.</p>	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn chéim na tógála.
6.3	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a	Úsáidfear bacainn siolta / imbhallaí siolta i gcásanna ina dtabharfar faoi thúir nó faoi oibreacha	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
	(lena n-áirítear an Bhóinn agus an Abhainn Dubh)	chosaint	in achomaireacht do shruthchúrsaí.  Maidir leis an mBóinn agus leis an Abhainn Dubh, tá na túir suite 60 méadar agus 100 méadar ar a laghad ó na haibhneacha sin faoi seach. In ainneoin an achair sin, áfach, beartaítear bacainní / cuirtíní siolta a úsáid le haghaidh tógáil túr in aice leis na haibhneacha sin.		na tógála
6.4	Tógáil ghinearálta	Tionchar ar ithreacha a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar stoc-chairn a ghrádú de réir phróifíl <1:4. Stórálfar barrithir agus fo-ithreacha ar shiúl óna chéile. Beidh stoc-chairn d'ithreacha mianracha agus de mhóin <2 mhéadar agus <1 mhéadar faoi seach. De bharr maoirseacht gheoiteicniúil a dhéanamh i dteannta le monatóireacht, cinnteofar go stórálfar aon mhóin a bhíonn ann in áiteanna oiriúnacha.	Céim na tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
6.5	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	In áiteanna inar gá dí-uisciú a dhéanamh chun na bunsraitheanna túir a thógáil, glacfar réamhchúraimí chun a chinntiú nach mbeidh aon drochthionchar ar shruthchúrsaí in aice láimhe, lena n-áirítear an t-uisce iarmharach a scagadh sula scaoilfear é.	Céim na tógála	Is ea. Ar cháilíocht an uisce a scaoilfear amach.
6.6	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear orthu sin: <ul style="list-style-type: none"> <li>• Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola;</li> <li>• Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste;</li> <li>• Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe; agus</li> <li>• Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó</li> </ul>	Céim na tógála	Is ea. I rith na tógála

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid.		
6.7	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	Maidir le saoráidí agus gníomhaíochtaí stórála ar an suíomh, stórálfar aon amhábhair agus aon bhreoslaí i limistéir bhundaithe, más cuí, chun doirteadh nó sceitheadh féideartha de thaisme a sheachaint.  Déanfar seiceáil rialta ar gach trealamh agus innealra i gcomhair sceitheadh agus cáilíocht feidhmiúcháin.	Céim na tógála	Is ea. Trealamh
6.8	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	Cuirfear oiliúint ar gach pearsanra suímh agus beidh a fhios acu cad ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála, mar shampla doirteadh substaintí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach. Coinnítear pacáí doirte lena chinntiú go ndéileáiltear le gach doirteadh nó sceitheadh ar an toirt agus tá oiliúint chuí curtha ar an bhfoireann chun iad a úsáid. Coinneofar aon seirbhísiú feithiclí i gceantair shainithe atá faoi chosaint oiriúnach. Cuirfear aon doirteadh nó teagmhas truaillithe in iúl don rialtóir agus cuirfear an tarlú ina cheart.	Céim na Tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála
6.9	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	Ní cheadófar na feithiclí a iompraíonn an choincréit a ghlanadh síos ná a ghlanadh amach ag suíomh na tógála. Déanfar na feithiclí sin a ghlanadh síos agus a ghlanadh amach ag saoráid chuí ag suíomh seachtrach.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála
6.10	Rianta rochtana sealadacha agus	Sruthchúrsaí a chosaint	In áiteanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh sé den riachtanas rian rochtana sealadach de Chineál 2 a leagan síos má thagtar ar dhrochbhogach.  Go ginearálta, úsáidtear painéil bhóthair rubair nó alúmanaim le haghaidh rianta rochtana	Céim na tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
	bunsraitheanna túir		sealadacha. Beidh na rianta rochtana sealadacha suas le 4 mhéadar ar leithead agus leagfar iad ar shiúl ó dhraenacha más féidir. Bainfear úsáid as bacainní siolta i láithreacha íogaire chun cosc a chur ar rith chun srutha díreach le sruthchúrsaí áitiúla.		
6.11	Bealaí rochtana sealadacha agus bunsraitheanna túir	Cáilíocht an uisce a chosaint	Cinntear trí bhearta coisctheacha go laghdófar tiúchan solad ionchuir ar fuaidreamh ag an bhfoinse an oiread agus is féidir. Bainfear amach an méid sin trína chinntiú go stórálfar siolta / cré agus barrithir i gceart le linn chéim thógála na forbartha.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála.
6.12	Tógáil – bealaí rochtana sealadacha agus bunsraitheanna túir	Cáilíocht an uisce a chosaint	Déanfar monatóireacht ar cháilíocht an uisce roimh thús na tógála chun sonraí bonnlíne a bhunú agus lena chinntiú nach rachaidh cáilíocht an uisce chun olcais.  Díreofar ar shruthchúrsaí a mheasfar a bheith níos mó i mbaol de bharr truailliú (i.e. túir ina bhfuil sruthchúrsaí laistigh de 20 m de na hoibreacha tógála). Déanfar cigireacht laethúil ar na sruthchúrsaí in aice lámhe mar chuid den mmonatóireacht ar cháilíocht an uisce.	Roimh an tógáil agus le linn chéim na tógála	Monatóireacht, breathnú agus sampláil leanúnach ag teastáil le linn na tógála.
6.13	Clós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála	Cáilíocht an uisce a chosaint	Cuirfear san áireamh sa chóras draenála uisce dromchla ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála moltaí CIRIA C468 agus úsáidfear feistí SuDs (córais draenála uirbí inbhuanaithe) nuair is iomchuí. Beidh rith chun srutha ó shuíomh teoranta do rátaí rith chun srutha a bheadh i láithreán úrnua. Rachaidh an rith chun srutha trí bhac siolta, idircheapóir ola agus murlach socraithe sula scaoilfear chuig an uisce dromchla é.	Roimh an tógáil agus le linn chéim na tógála	Monatóireacht agus sampláil leanúnach ag teastáil le linn na tógála



Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
6.14	Fostáisiún Fhearann na Coille	Cáilíocht an uisce a chosaint	Agus caighdeán deartha an GDSDS á gcur i bhfeidhm, cuirtear san áireamh sa chóras draenála uisce dromchla ag Fhearann na Coille moltaí an GDSDS agus úsáidtear feistí SuDs (córais draenála uirbí inbhuanaithe) nuair is iomchuí. Beidh rith chun srutha ó limistéir chrua ag Fostáisiún Fhearann na Coille teoranta chuig rátaí rith chun srutha a bheadh i láithreán úrnua.	Roimh an tógáil agus le linn chéim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil
<b>AER – TORANN AGUS CREATHADH (CAIBIDIL 9 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)</b>					
7.1	Céim na tógála	Comhlíonadh Caighdeán Eorpach cuí a chinntiú	Ní mór don chonraitheoir a cheapfar a chinntiú go sásóidh gach innealra a úsáidfeadh le linn chéim na tógála na caighdeán arna leagan amach i Rialachán na gComhphobal Eorpach ( <i>Innealra agus Trealamh Tógála</i> ) ( <i>Leibhéil Cheadaithe Torainn</i> ) (1990) [aistriúchán neamhoifigiúil]. Déanfaidh an conraitheoir tagairt do <i>BS 5228: Noise control on construction and Open Sites (Rialú torainn ar shuíomhanna tógála agus ar shuíomhanna oscailte)</i> (2009), a thugann treoir mhionsonraithe ar rialú torainn ó ghníomhaíochtaí tógála.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála.
7.2	Céim na tógála	A chinntiú go nglacfar le cleachtais chuí le linn na tógála	Beartaítear go nglacfar le cleachtais éagsúla, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>Ní iondúil go mbeidh aon obair ar siúl san oíche; mar sin féin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach gineadóirí, caidél nó innealra eile dá leithéid a fhágáil ar siúl ag roinnt láithreacha, áit a mbeidh gníomhaíocht in áit amháin ar feadh tréimhse níos faide de bharr bunsraitheanna a bheith á dtogháil agus túir a bheith á dtógáil;</li> <li>Nuair a tharlaíonn sé sin, agus is annamh a tharlaíonn, féadfar úsáid a bhaint as sciathadh agus as imfháluithe. Chun an éifeachtacht is airde a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí sciath chomh gar agus is féidir don fhoinsé torainn nó don</li> </ul>	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanas an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			<p>ghlacadóir. Ba cheart go dtógfaí an sciath le hábhar a bhfuil mais de &gt; 7kg/m<sup>2</sup> aige agus níor cheart go mbeadh aon bhearnaí ná ailt in ábhar na bacainne. Féadfar é sin a úsáid chun tionchar an torainn a theorannú chuig 45 dB (A) Leq (an leibhéal atá inghlactha san oíche de réir BS 5228) ag aon ghabhdóir atá íogair ó thaobh torainn de, má theastaíonn sé, le comhaontú an údaráis áitiúil;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ba cheart ionadaí suímh a cheapadh le bheith freagrach as ceisteanna a bhaineann le torann; agus</li> <li>• Ba cheart bealaí cumarsáide a bhunú idir an conraitheoir / forbróir, an t-údarás áitiúil agus an lucht cónaithe i.e. chun iad a chur ar an eolas maidir leis an riachtanas obair a dhéanamh istioche, sa chás go dteastódh a leithéid.</li> </ul>		
7.3	Céim na tógála	Úsáid a bhaint as bearta cuí um rialú torainn le linn na tógála	<p>Ina theannta sin, meastar go mbainfear úsáid as bearta infheidhmithe éagsúla um rialú torainn, a d'fhéadfadh na cinn seo a leanas a bheith san áireamh leo:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Gléasra a roghnú ina bhfuil baol beag go mbeidh torann agus / nó creathadh ann;</li> <li>• Bacainní sealadacha a chur in airde timpeall rudaí fearacht gineadóirí nó comhbhrúiteoirí tromshaothair. Chun an éifeachtacht is fearr a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí bacainn chomh gar agus is féidir don fhoinsé torainn nó don ghlacadóir. Ba cheart go dtógfaí an bhacainn le hábhar a bhfuil mais &gt; 7kg/m<sup>2</sup> aige agus níor cheart go mbeadh aon bhearnaí ná ailt in ábhar na bacainne.</li> <li>• Mar threoir gharbh, ba cheart go mbeadh fad bacainne cúig huaire níos faide ná a hairde. Ba cheart go lúbfaí bacainn níos giorra timpeall fhoinsé an torainn, le cinntiú nach bhfuil aon chuid den fhoinsé torainn le feiceáil ón láthair ghlactha; agus</li> </ul>	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			<ul style="list-style-type: none"> <li>Innealra torannach a leagan chomh fada ó ghabhdóirí íogaire agus a cheadaíonn srianta suímh.</li> </ul>		
7.4	Céim na tógála	Úsáid a bhaint as maolú cú creathaidh i gcéim na tógála	Maidir le hoibreacha tógála a bhfuil an baol ann go gcruthóidh siad creathadh ag gabhdóirí íogaire, tabharfar fúthu de réir na luachanna teorann atá leagtha amach san EIS.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála
7.5	An chéim oibríoch	Úsáid a bhaint as bearta maolaithe cú i leith torainn sa chéim oibríoch	<p>Níl coinne leis go mbeidh tionchar mór torainn ag torann a thiocfaidh ón bhforbairt a bheartaítear.</p> <p>D'fhéadfadh nach mbeifí in ann torann corónach a chlosteáil ach amháin le linn dálaí áirithe aimsire agus i ngar don líne. Cruthaítear torann corónach, den chuid is mó, mar gheall ar nithe cruu-earraí ar an líne tharchuir, seachas seoltóirí, e.g. clampaí, agus is féidir é a mhaolú trí na nithe aonair cruu-earraí a ionadú.</p> <p>Is annamh a chruthaítear torann Aeólach ar línte 400 kV agus níl coinne leis go gcruthófar é san fhorbairt a bheartaítear.</p> <p>I measc na mbearta maolaithe a mholtar maidir le torann Aeólach, d'fhéadfaí bacóirí aershreafa a chur ar sheoltóirí agus inslitheoirí comhchodacha a fheistiú in athuair.</p>	An Chéim Oibríoch oibríoch	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála
7.6	Gan a bheith ar eolas tráth an scríofa	Tionchar torainn ar gabhdóirí íogaire a laghdú	Úsáid a bhaint as bacainní torainn sealadacha timpeall gníomhaíochtaí briste carraigeacha más dóchúil go mbeidh tionchar torainn ar gabhdóirí íogaire.	I rith briseadh carraigeacha go háitiúil.	Monatóireacht ar thorann i gcás an ghabhdóra

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		an oiread agus is féidir			íogair is gaire nó na láithreach ionadaíche.
<b>AER – CAIGHDEÁN AGUS AERÁID (CAIBIDIL 10 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)</b>					
8.1	Forbairt ghinearálta – céim na tógála	Réadmhaoine a chosaint ó núis shuntasach deannaigh	Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm ar bhonn suíomhoiriúnaithe, bunaithe ar athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí tógála lena mbaineann agus ar a ghaire agus atá siad do ghabhdóirí in aice láimhe i ngach láthair. Cuirfear na bearta maolaithe suíomhoiriúnaithe i bhfeidhm lena chinntiú nach gcuirfidh núis shuntasach deannaigh isteach ar áitribh taobh istigh de 50 méadar ó na láithreacha tógála. Tá na cineálacha beart maolaithe seo a leanas i gceist: <ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh fáil ar Bowser uisce chun limistéir oibre a spraeáil, go háirithe le linn tochairtí in aimsir thirim, chun leathadh an deannaigh a laghdú;</li> <li>Cuirfear cumhdach ar gach ualach a d'fhéadfadh a bheith ina núis deannaigh ionas go laghdófar ar astuithe éalaitheacha oiread agus is féidir; agus</li> <li>Le linn chéim na tógála, má bhíonn aimsir thirim ann, spraeálfar ábhar stoc-charntha chun leathadh deannaigh ón suíomh a laghdú oiread agus is féidir.</li> </ul>	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála (i gcomhthéacs an CEMP).
<b>AN TÍRDHREACH (CAIBIDIL 11 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)</b>					
9.1	Ar fud na forbartha –	Tionchar fisiciúil tírdhreacha ar fhásra a laghdú	Beidh sé mar aidhm ag na príomhbhearta maolaithe a shonraítear sa rannán um Fhlóra agus Fhána (rannán 4 den tábla seo) tionchar fisiciúil tírdhreacha a eascraíonn as cur isteach ar fhásra agus ar ithreacha a laghdú an oiread agus is féidir. Seo a leanas na príomhbhearta	Céim na tógála agus an chéim	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
	céim na tógála	an oiread agus is féidir	maolaithe mar a shonraítear sa rannán um Fhlóra agus Fhána i ndáil le tionchar tírdhreacha: bealaí rochtana atá ann cheana féin agus bearnaí i bhfálta sceach a úsáid; fálta sceach agus fásra talún a athbhunú (le cur den chineál céanna nó níos fearr), fásra coinnithe a chosaint, modhanna prúnála i leith fásra íogair a úsáid, lena n-áirítear crainn fhásta a bharrscoitheadh, chun línte fálta sceach a choimeád, monatóireacht a dhéanamh ar bhunú fásra thar 24 mí, agus cur an athuair i gcás go dteipeann ar athbhunú. Déanfar fálta sceach a chothabháil lena chinntiú nach n-éireoidh fásra ar bith ard go leor le cur isteach ar na seoltóirí.	oibríoch	Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar chur athbhunaithe thar 24 mí
9.2	Ar fud na forbartha – céim na tógála	Tionchar fisiciúil tírdhreacha ar ithir a laghdú an oiread agus is féidir	Beidh sé mar aidhm ag na bearta maolaithe i Rannán 5 – Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht, an tionchar fisiciúil tírdhreacha ar ithir agus ar bhunú fásra ina dhiaidh sin a laghdú an oiread agus is féidir. Seo a leanas na príomhbhearta maolaithe mar a shonraítear sa rannán sin i ndáil le tionchar tírdhreacha: fo-ithir agus barrithir a bhaint, a stóráil agus a athchóiriú i gceart; balcadh ithreach a sheachaint; agus ithir a bhaint agus a dhiúscairt i gcás nach mbeidh gá le hathchóiriú.	Céim na tógála agus an chéim oibríoch	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar oibreacha talún thar 24 mí
9.3	Gleann na hAbhann Duibhe	Tionchar ar nádúr an tírdhreacha agus	D'fhéadfaí dul i gceann mionmhaolú trí chrainn agus trí fhálta sceach a choinneáil nó a shaothrú tuilleadh in áiteanna tábhachtacha	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		tionchar amhairc a mhaolú i dtírdhreach gleanna			Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar chur athbhunaithe thar 24 mí
9.4	Eastát Brittas	An tionchar féideartha ar thírdhreach deartha stairiúil a laghdú	Déanfar réiteach an fhásra atá ann cheana a laghdú an oiread agus is féidir sa limistéar seo agus, i gcomhairle leis an úinéir talún, d'fhéadfaí sciathadh iomchuí a chur ar an dá thaobh den bhóthar isteach agus ag láithreacha eile san eastát d'fhonn radhairc ar an bhforbairt a bheartaítear a theorannú.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar chur athbhunaithe thar 24 mí

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
9.5	Gleann na Bóinne	Tionchar ar nádúr an tírdhreacha agus tionchar amhairc a mhaolú i dtírdhreach gleanna, in amharcphointe cosanta agus i radharc ó Mhainistir Bheighí	D'fhéadfaí dul i gceann mionmhaolú trí chrainn agus trí fhálta sceach a choinneáil nó a shaothrú tuilleadh in áiteanna tábhachtacha.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar chur athbhunaithe thar thréimhse 24 mí.
<b>SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – GINEARÁLTA (CAIBIDIL 12 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)</b>					
10.1	Ar fud na forbartha – ginearálta	Tionchar ar leictreachas, ar theileachumarsáid agus ar ghás a íoslaghdú an oiread agus is féidir	Déanfar suirbhé réamhthógála le haghaidh fóntas ar nós gáis, leictreachais agus teileachumarsáide, etc., le linn chéim na tógála, lena n-áirítear iniúchtaí ar an talamh, leis na tosca a bhí sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta a dheimhniú.	Roimh an tógáil	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
10.2	Trasnú seirbhísí teileachumarsáid de agus líne lasnairde de réir mar is gá	Cur isteach a laghad agus is féidir ar sheirbhísí reatha leictreachais agus teileachumarsáid e le linn na tógála	Ní mór cuailí cosanta sealadacha a úsáid chun bacainní áirithe feadh dronlíne a chosaint, amhail crosairí bóthair / iarnróid agus línte eile tarchuir nó dáileacháin.	Céim na tógála	Ceann ar bith
10.3	Ar fud na forbartha Ginearálta – céim na tógála	<i>Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction &amp; Demolition Projects (Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna</i>	Tabharfar faoi bhainistíocht dramhaíola de réir threoir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2006), <i>Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction &amp; Demolition Projects (Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála).</i>  Cuirfear Plean Bainistíochta um Dhramhaíl Tógála (a bheidh ina chuid den CEMP) i bhfeidhm chun an dramhaíl a bheidh ann a laghdú an oiread agus is féidir agus chun a chinntiú go láimhseálfar agus go ndiúscrófar sruthanna dramhaíola tógála i gceart. Is iad na príomhphrionsabail is bun leis an bplean giniúint dramhaíola a laghdú an oiread agus is féidir agus dramhaíl a leithscaradh ag an bhfoinse.	Céim na Tógála	Ceann ar bith



Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		<i>Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála) (2006) a chomhlíonadh</i>			
10.4	Ar fud na forbartha Ginearálta – an chéim oibríoch	A chinntiú go ndéanfar dramhaíl oibriúcháin (ar nós pacáistíochta etc.) a thagann as gníomhaíochtaí fánacha cothabhála a aisghabháil / a dhiúscairt go cuí	Maidir le dramhaíl éadrom de mhéid diomaibhseach a chruthófar i gcéim oibríoch na forbartha a bheartaítear le linn oibríochtaí cothabhála agus glantóireachta, aonaid soilsithe a athrófar de réir mar is gá, olaí as gníomhaíochtaí cothabhála ó am go chéile agus ábhair phacáistíochta, déanfaidh conraitheoirí ceadúnaithe iad a thógáil as an suíomh lena n-aisghabháil / ndiúscairt i gceart ag saoráidí ceadúnaithe.	An chéim oibríoch	Monatóireacht ag teastáil le linn na céime oibríche (le linn oibreacha cothabhála)

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
10.5	Ar fud na forbartha  Ginearálta – an chéim oibríoch	Gníomhaíochtaí sábháilte eitlíochta a chinntiú ag Aerpháirc Bhaile Átha Troim	Maidir le tuirlingt aerárthaí ar Rúidbhealach 28, ba cheart go mbeadh píolótaí ar an eolas faoin áit ina bhfuil na túir suite agus ba chóir nós imeachta foirmiúil ascnaimh de <i>'radharc ar thúir / cháblaí ag teastáil sula gcuirtear tús le hascnamh'</i> a thabhairt isteach  Cé go mbeidh na línte lasnairde faoi bhun na ndromchlaí teorannaithe constaicí le haghaidh Aerpháirc Bhaile Átha Troim, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na línte a dhéanamh níos feiceálaí ach sféir mharcála a chur isteach idir Túr 355 agus Túr 357. Molann na comhairleoirí tírdhreacha sféir (oráiste, bán, oráiste, bán...) atá 60 cm ar trastomhas a fheistiú 30 méadar amach óna chéile	An Chéim Oibríoch	Ceann ar bith
10.6	Ar fud na forbartha  Ginearálta – an chéim oibríoch	Gníomhaíochtaí sábháilte eitilte balún a chinntiú i gcóngarach na forbartha a bheartaítear	Ní mór do na píolótaí balúin a chur san áireamh mar chuid dá bpleanáil eitilte go bhféadfadh an fhorbairt a bheartaítear a bheith ann. Beidh ar na píolótaí balúin an líne chumhachta a chur san áireamh i ndáil le lainseáil agus tuirlingt, ach mar a luaigh IAA tá cead ag píolótaí balúin eitilt thar línte cumhachta.	An chéim oibríoch	Ceann ar bith
<b>SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – TRÁCHT (CAIBIDIL 13 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)</b>					
11.1	Ar fud na forbartha go ginearálta – céim na tógála	Plean um Bainistiú Trácht Tógála a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Is é	Ceanglófar ar an gconraitheoir a cheapfar chun an tionscadal a thógáil Plean mionsonraithe um Bainistiú Trácht Tógála a ullmhú sula dtosaíonn na hoibríochtaí foirgníochta. Ba cheart go mbeadh na bearta maolaithe a leanas i gceist ar a laghad: <ul style="list-style-type: none"> <li>Clár tógála mionsonraithe a cheapadh a bhfuil d'aidhm aige ardbhuaiceanna tráchta a laghdú an oiread agus is féidir ar bóithre ar leith;</li> </ul>	Roimh thús chéim na tógála Nuashonrú leanúnach i rith	Monatóireacht ag teastáil ar bhóithre a úsáidtear le linn

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Bearta Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		<p>an cuspóir an phlean seo tionchar chéim thógála an tionscadail a laghdú an oiread agus is féidir.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Monatóireacht leanúnach ar na bóithre a úsáidfeá le haghaidh na tógála;</li> <li>• Bearta bainistíochta tráchta a shainaithint maidir le dúnadh bóithre;</li> <li>• Bearta maidir le hidirchaidreamh leanúnach le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile;</li> <li>• Bearta bainistíochta tráchta a shainaithint ag bealaí isteach chuig suíomhanna; agus</li> <li>• Bearta maidir le freastal ar fheithiclí práinnfhreagartha feadh na mbealaí tarlaithe.</li> </ul>	<p>chéim na tógála.</p>	<p>chéim na tógála.</p>
<b>OIDHREACTH CHULTÚRTHA (CAIBIDIL 14 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)</b>					
12.1	Tógáil ginearálta –	Tionchar féideartha a mhaolú le linn chéim na tógála	<p>I limistéir inar aithníodh go bhféadfadh tionchar a bheith ar shuíomhanna, ar struchtúir, ar shéadchomharthaí nó ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreachta cultúrtha iontu le linn chéim na tógála, moladh ceann amháin nó níos mó de na bearta maolaithe seo a leanas san EIS:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Monatóireacht seandálaíochta – i limistéir ag a bhfuil acmhainneacht mheasartha seandálaíochta, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar thochailt a bhaineann le hoibreacha tógála agus / nó rochtain ar an suíomh tógála agus / nó ar na limistéir sreangaithe a éascú. Sa chás ina n-aimsítear spruadair sheandálaíochta, scoirfeá den obair sa limistéir láithreach agus rachaidh an seandálaí i dteagmháil le</li> </ul>	<p>Roimh chéim na tógála agus i rith na tógála</p>	<p>Cur i bhfeidhm leanúnach na monatóireachta seandálaíochta, na tástála seandálaíochta agus straitéisí maolaithe molta eile.</p>

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			<p>Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Tástáil seandálaíochta – tá aire ag teastáil i ndea-chleachtas i limistéir ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta chun a chinntiú go sainaithnítear spruadair sheandálaíochta a luaithe is féidir, rud a chinntíonn go n-íoslaghdaítear aon chaillteanas ón taifead seandálaíochta. Faoi shainchúram monatóireachta, breathnóidh seandálaí ar ghnáthoibreacha tógála, a dtugtar fúthu de ghnáth le buicéad tochtóra fiacloch. Le linn tástáil seandálaíochta, déanann seandálaí ceadúnaithe incháilithe maoirseacht ar thochailtí a dtugtar fúthu le buicéad grádaithe neamhfiacloch, faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, rud a chinntíonn go sainaithnítear spruadair sheandálaíochta go luath agus go n-íoslaghdaítear an cailteanas ón taifead seandálaíochta. Tríd an tsuirbhéireacht deimhniúcháin sin a dhéanamh, cinnteofar go mbeidh dóthain ama laistigh den sceideal tógála le haghaidh aon spruadair sheandálaíochta a aimsítear a thochailt.</li> <li>Líniú teorann – áit ar bith ar aithníodh go bhféadfadh tionchar a bheith ar shuíomh, struchtúr nó shéadchomhartha oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta nó chultúrtha agus rochtain á fáil chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil, moltar líniú teorann chun aon damáiste neamhaireach a chosc. Gheobhaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain ar an suíomh sula dtosófar oibreacha tógála sa limistéar agus déanfaidh an seandálaí líniú teorann ar mhaolán timpeall an tsuímh, an struchtúir nó an tséadchomhartha a bheidh i bhfeidhm ar feadh oibreacha tógála ar bith cóngarach</li> </ul>		

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			<p>dó.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Bealaí rochtana sealadacha a dheimhniú – i gcomhairle leis an bhfoireann tógála agus sula dtosófar oibreacha tógála, déanfar na bealaí rochtana sealadacha tógála a bheartaítear a dheimhniú ag roinnt láithreacha chun a chinntiú nach mbeidh tionchar ar chreatlach stairiúil foirgneamh atá ann fós agus rochtain á fáil le haghaidh gníomhaíochtaí tógála. Chuige sin, féadfar na bealaí rochtana sealadacha a leasú, gnéithe íogaire a shonrú agus líniú teorann a dhéanamh air nó úsáid a bhaint as innealra tógála éagsúil nó as modhanna éagsúla (mar atá sainaitheanta san EIS) a fhéadann rochtain ar an suíomh gan tionchar a bheith acu ar an gcreatlach stairiúil.</li> <li>• Monatóireacht ar chrannliacht – is ann d'fhásra dlúth thall is abhus agus beidh sé den riachtanas é a bhearradh i gcomharsanacht iarsmaí foirgneamh atá ina seasamh agus atá léirithe ar léarscáileanna stairiúla. Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar an obair seo lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag na hoibreacha ar chreatlach stairiúil na bhfoirgneamh.</li> </ul>		
12.2	Ar fud na forbartha go ginearálta – céim na tógála	A chinntiú go gcuirfead na bearta maolaithe i bhfeidhm le linn chéim na tógála	Moltar gur cheart comhairleacht / comhairleoir oidhreachta cultúrtha atá cáilithe go cuí a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbearta maolaithe a mholtar sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo i leith chéim na tógála den fhorbairt a bheartaítear. Ba cheart don chomhairleacht / chomhairleoir idirchaidreamh leanúnach a choinneáil le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar feadh chéim thógála na forbartha.	Céim na tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
12.3	Ar fud na forbartha go ginearálta	An cód cleachtais idir Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta an DoEHLG (DAHG anois) agus Líonraí BSL (2009) a chomhlíonadh.	De réir na cáipéise, <i>Code of Practice between the Department of the Environment, Heritage and Local Government and ESB Networks (Cód Cleachtais idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Líonraí BSL)</i> (2009), ceapfar seandálaí tionscadail chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú fóna mhaolú na ngnéithe seandálaíochta le linn na n-oibreacha a bheartaítear.	Céim na tógála	Ceann ar bith
12.4	Crios Taitneamhacht Seandálaíochta (ZAA) Thailtean	An tionchar ar ZAA Thailtean a mhaolú	Tá na straitéisí maolaithe seo a leanas leagtha amach le haghaidh Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean: <ul style="list-style-type: none"> <li>Beidh claiseanna tástála le haghaidh disciplíní comhshaoil agus innealtóireachta eile faoi réir monatóireacht seandálaíochta arna déanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí;</li> <li>Tástáil seandálaíochta – tá aire ag teastáil i ndea-chleachtas i limistéir ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta chun a chinntiú go sainiúnta spruadair sheandálaíochta a luaithe is féidir, rud a chinntíonn go n-íoslaghdaítear aon chailteanas ón taifead seandálaíochta. Le linn tástáil seandálaíochta, déanann seandálaí atá incháilithe i gcomhair ceadúnais maoirseacht ar thochailtí a dtugtar fúthu le buicéad grádaithe neamhfhiacloch, faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, rud a</li> </ul>	Céim na tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			<p>chinntíonn go sainaithnítear sprudair sheandálaíochta go luath agus go n-íoslaghdaítear an caillteanas ón taifead seandálaíochta. Tríd an obair seo a dhéanamh roimh an tógáil, cinnteofar go mbeidh dóthain ama laistigh den sceideal tógála le haghaidh aon sprudair sheandálaíochta a aimsítear a thochailt. Beidh gach láthair túir agus cumhdaigh laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean faoi réir córas tástála seandálaíochta roimh an tógáil faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. I gcás go bhfaighfí seandálaíocht rachfar i gcomhairle láithreach le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus ceadófar réiteach seandálaíochta iomlán;</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar an mbealach isteach chuig an suíomh agus ar oibreacha tógála le linn chéim na tógála. A chinntiú nuair is iomchuí go n-úsáidtear feithiclí nó rianta painéil nach gcuireann ach laghrú ar an talamh ionas nach gcuirfeadh isteach ar an talamh ach a laghad is gá. Ní úsáidfeadh rianta rochtana sealadacha de chineál 3 laistigh de Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta Thailtean. Úsáidfeadh feithiclí nach gcuireann ach laghrú ar an talamh agus rianta rochtana sealadacha de chineál 2 ionas nach gcuirfeadh isteach ar an talamh ach a laghad is gá. Úsáidfeadh Modh an Chuaille Deirice (feic Imleabhar 3B, Rannán 7.3.4.3.2 den EIS) chun túir a thógáil; ní úsáidfeadh craenacha soghluaiste; agus</li> <li>• Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar an mbealach isteach chuig</li> </ul>		

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			an suíomh agus ar thógáil aon limistéir chumhdaigh a theastaíonn laistigh den Chríos Taitneamhacht Seandálaíochta.		
12.5	Láithreacha éagsúla	Tionchar féideartha i leith láithreacha túir, limistéir chumhdaigh, trasbhealaí líne 110 kV agus rianta rochtana sealadacha lena mbaineann a mhaolú le linn chéim na tógála.	Feic an Achoimre ar Bhearta Maolaithe mar a liostaítear i gCaibidil 14, <b>Imleabhar 3C</b> agus <b>Imleabhar 3D</b> .	Céim na tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
12.6	Teach Brittas (Uimh. RPS MH005-105)	An tionchar féideartha ar thimpeallacht an bhealaigh isteach chuig MH005-105), Contae na Mí, a	Déanfar réiteach an fhásra atá ann cheana a laghdú an oiread agus is féidir sa limistéar seo agus, i gcomhairle leis an úinéir talún, cuirfear sciathadh iomchuí ar an dá thaobh den lána d'fhonn radhairc ar an bhforbairt a bheartaítear a theorannú.	Céim na tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála



Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		laghdú.			
12.7	Ar fud na forbartha – oibríoch	Tionchar féideartha a mhaolú le linn na céime oibríche	Maidir le tionchar féideartha ar shuíomhanna, ar shéadchomharthaí, ar struchtúir nó ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreachta cultúrtha le linn oibreacha cothabhála a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear, is fearr iad a mhaolú trí idirchaidreamh leanúnach le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, leis an Aonad Comhairleach um Oidhreachta Ailtireachta sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hoifigigh áitiúla oidhreachta agus caomhantais sna Comhairlí Contae.	Le linn oibreacha cothabhála nó uasghrádaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le linn na céime oibríche	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na céime oibríche (le linn oibreacha cothabhála / uasghrádaithe).